An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)

## Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe (le húsáid le gearrchúrsa 2023)

**Lúnasa 2024**

# An Clár Ábhar

**Réamhrá** 01

**Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta** 02

Neamhspleáchas na scoile i gcomhair an ullmhúcháin don Mheasúnú Rangbhunaithe 02
An chaoi a dtacaíonn an scoil leis an measúnú a chur i gcrích 02
Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh 03
An leibhéal gnóthachtála a chinneadh 04

**Measúnú Rangbhunaithe in OSPS (gearrchúrsa)** 05

Am don Mheasúnú Rangbhunaithe 06

**Treoirlínte do chur i gcrích phunann mo chuid foghlama agus mo mhachnaimh** 07

Saothair a roghnú 07
Machnamh ar an bhfoghlaim 08
Punann Foghlama: Comhairle don scoláire 08
Na Gnéithe Cáilíochta: Punann Saothar OSPS 09

**Treoirlínte do chur i gcrích an tionscadail 'Beart a dhéanamh le haghaidh OSPS'** 10

Tionscadal 'Beart a dhéanamh le haghaidh OSPS': Comhairle don scoláire 11
Na Gnéithe Cáilíochta: Tuairisc OSPS maidir le Beart a Dhéanamh 13

**Aguisín 1: Punann an Scoláire: teimpléad le haghaidh machnaimh** 14

**Aguisín 2: Teimpléad machnaimh a ghabhfaidh leis an Tuairisc ar an Tionscadal Gníomhaíochta** 15

# Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, *gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)*: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe:

- Eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- Sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a bhfuil cur síos orthu i sonraíocht 2023 do ghearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí
- Na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála sa Mheasúnú Rangbhunaithe
- Treoirlínte don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích

Ba cheart na treoirlínte seo a úsáid i gcomhar le sonraíocht 2023 do ghearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí, tacaíochtaí measúnaithe CNCM ar líne don tsraith shóisearach agus Uirlisí Úsáide OSPS CNCM don tSraith Shóisearach.

# Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis na tasc(anna) sonrach(a) a leagtar amach i sonraíocht ghearrchúrsa CNCM nó i sonraíocht ghearrchúrsa arna forbairt sa scoil. Leagtar amach sna treoirlínte seo na tascanna agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás an mheasúnaithe rangbhunaithe úsáidtear breithiúnas an mhúinteora i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire agus d'fhéadfaí é a thaifeadadh chomh maith i gcomhair cruinnithe foghlama agus measúnaithe. Ullmhaíonn an scoláire don Mheasúnú Rangbhunaithe thar thréimhse ama mholta sa dara nó sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair baile, ná i dtrialacha a dhéanann an scoláire le linn dó a ghnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

## Neamhspleáchas na scoile i gcomhair an ullmhúcháin don Mheasúnú Rangbhunaithe

Leagtar amach sna treoirlínte seo raon roghanna le haghaidh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe an scoláire agus na scoile. Cuirtear rogha Measúnaithe Rangbhunaithe i láthair agus féadfaidh an scoláire an rogha a dhéanamh a obair a chur i láthair i leaganacha amach éagsúla. Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa ó CNCM a chur in oiriúint dá spéiseanna agus riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile. Má tá an cúrsa á chur in oiriúint, d'fhéadfadh go mbeadh ar an scoil an Measúnú Rangbhunaithe a chur in oiriúint freisin ionas go léireodh sé foghlaim an scoláire. Féadfaidh scoil a gearrchúrsa(í) féin a fhorbairt freisin, chomh maith le Measúnú Rangbhunaithe lena mbaineann. Tá treoirlínte ar fáil **anseo** d'aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(í) féin a fhorbairt.

An chaoi a dtacaíonn an scoil leis an measúnú a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ar na bealaí seo a leanas:

- a chinntiú go dtugtar an tSonraíocht agus na Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe de chuid CNCM do na múinteoirí
- tacú leis an múinteoir na Tuairisceoirí leibhéil a bronnadh ar gach scoláire a thaifeadadh
- taifid agus saothair a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críocha cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú
- na treoirlínte don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú a chur i bhfeidhm
- cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus dá thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

D’fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba cheart breathnú ar an bpróiseas leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfaidh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis.

D’fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a shoiléiriú
- samplaí anótáilte d’obair an scoláire a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- aiseolas foirmitheach a thabhairt ag amanna tábhachtacha chun a chinntiú go bhfanann an scoláire ar an mbóthar ceart
- tacaíocht a chur ar fáil do scoláire ar bith a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige.

**TABHAIR FAOI DEARA:** Ní féidir glacadh ach le hobair an scoláire féin lena mheasúnú i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

## Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh

Éascaíonn an scoil cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir tacaíochtaí réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba cheart go mbeadh na tacaíochtaí sin, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

# An leibhéal gnóthachtála a chinneadh

Tá ceithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála do gach Measúnú Rangbhunaithe ann: *Thar barr ar fad*, *Os cionn na n-ionchas*, *Ag teacht leis na hionchais*, agus *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*.

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirlínte seo, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba cheart don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill* ar dtús) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba cheart a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor cheart don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

# Measúnú Rangbhunaithe in OSPS (gearrchúrsa 2023)

Tá an measúnú in OSPS rangbhunaithe. Déanann an scoláire Measúnú Rangbhunaithe **amháin** as rogha de dhá mheasúnú. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir obair a dhéantar sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach a áireamh don tuairisciú sa PGSS.

Agus éagsúlacht na bhfoghlaimeoirí agus na gcomhthéacsanna á cur san áireamh, agus ar mhaithe leis an oiread solúbthachta agus roghanna agus is féidir a chinntiú, tá rogha Measúnuithe Rangbhunaithe in OSPS na Sraithe Sóisearaí ann. Tá an rogha Measúnuithe Rangbhunaithe in OSPS (ar a dtugtar breac-chuntas i dTábla 1 thíos) ceaptha chun tacú le cumas gníomhúcháin an mhúinteora agus an scoláire agus rogha fócais, leagan amach agus modha cuir i láthair a sholáthar.

**Tábla 1: Rogha Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh OSPS**

| Teideal | Leagan amach | Ullmhúchán an scoláire |
|---|---|---|
| **Punann mo chuid foghlama agus mo mhachnaimh ar fhoghlaim in OSPS** | Rogha aonair de mhíreanna oibre, amhail ábhar digiteach, téacsanna scríofa, póstaeir, ábhar closamhairc nó ábhar ilmhódach | Roghnóidh an scoláire trí shaothar, a cuireadh i gcrích le himeacht aimsire agus atá nasctha le snáitheanna difriúla na foghlama laistigh den chúrsa; cuirfidh sé i láthair iad in éineacht le machnamh ar an bhfáth ar roghnaíodh gach saothar agus ar an gcaoi a raibh siad tábhachtach don scoláire ó thaobh foghlama in OSPS. |

**Nó**

| Teideal | Leagan amach | Ullmhúchán an scoláire |
|---|---|---|
| **Beart a dhéanamh le haghaidh OSPS** | Tionscadal aonair nó grúpthionscadal beag ar féidir é a chur i láthair ar mhórán formáidí | Déanfaidh an scoláire, thar thréimhse shonraithe, agus tacaíocht agus treoir á bhfáil aige ón múinteoir, taighde, tuairisciú agus machnamh ar bheart atá déanta aige chun gné den tsláinte/den fholláine a ndearnadh staidéar uirthi sa ghearrchúrsa OSPS a chur chun cinn nó chun feasacht a mhúscailt ar an ngné sin. |

Tá ceangal díreach idir measúnú in OSPS agus aidhm an ghearrchúrsa agus torthaí foghlama, beag beann ar an rogha a dhéantar. Beidh na torthaí foghlama sonracha ar a ndéanfar measúnú tríd an Measúnú Rangbhunaithe ag brath, go pointe áirithe, ar an bhfócas a roghnófar.

# Am don Mheasúnú Rangbhunaithe

Áirítear Measúnú Rangbhunaithe san am a shanntar do ghearrchúrsaí, timpeall 100 uair an chloig.

Má roghnaíonn sé Rogha 1 – *Punann mo chuid foghlama agus mo mhachnaimh* – coinneoidh an scoláire samplaí dá chuid oibre le linn a chuid foghlama. Le linn am ranga, cinnfidh sé go tráthrialta na samplaí ar mian leis iad a chur san áireamh ina phunann, agus na samplaí ba mhian leis a fhágáil ar lár. Le linn am ranga, tacófar leis machnamh a dhéanamh ar na saothair roghnaithe freisin.  Ba cheart roghnú deiridh na saothar punainne agus píosaí machnaimh a dhéanamh sa tríú bliain.

Má roghnaíonn sé Rogha 2 – *Beart a dhéanamh le haghaidh OSPS* – samhlaítear go ndéanfar an t-ullmhúchán i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo agus go gcuirfear i gcrích é thar tuairim 4-6 uair an chloig d'am ranga, le linn an dara nó an tríú bliain. D'fhéadfaí gnéithe den phleanáil agus taighde a dhéanamh mar obair baile.

Ní féidir glacadh le hobair nach féidir leis an múinteoir a dheimhniú lena meas sa PGSS.

D'fhéadfadh éagsúlacht a bheith ag baint leis an am a dhéantar an Measúnú Rangbhunaithe i ngearrchúrsaí ag brath ar an scoil.

# Treoirlínte do chur i gcrích phunann mo chuid foghlama agus mo mhachnaimh

Sa Mheasúnú Rangbhunaithe *punann mo chuid foghlama agus mo mhachnaimh* (rogha 1), iarrtar ar an scoláire trí shaothar, a cuireadh i gcrích le himeacht aimsire agus atá nasctha le snáitheanna difriúla na foghlama laistigh den chúrsa OSPS, a roghnú agus iad sin a chur i láthair in éineacht le machnamh ar an bhfáth ar roghnaíodh gach saothar agus ar an gcaoi a raibh siad tábhachtach don scoláire ó thaobh foghlama in OSPS.

Chun rogha 1 – *Punann mo chuid foghlama agus mo mhachnaimh* – a dhéanamh, beidh ar an scoláire nós a fhorbairt, is é sin samplaí dá chuid oibre le linn a chuid foghlama a bhailiú, am a ghlacadh chun saothair, ar samplaí den fhoghlaim shuntasach dó iad, a shainaithint go rialta agus ní mór deiseanna a thabhairt dó na scileanna a theastaíonn don mhachnamh ar a chuid foghlama a fhorbairt agus a chleachtadh.

## Saothair a roghnú

Is é is cuspóir don phunann OSPS ná é a chur ar chumas an scoláire an fhoghlaim thábhachtach atá déanta aige in OSPS a ghabháil agus feasacht a fhorbairt maidir leis an gcaoi a gcuireann an fhoghlaim sin lena chuid eolais, a scileanna agus a mheonta, nithe a theastaíonn uaidh chun roghanna sláintiúla a dhéanamh agus caidrimh shláintiúla a chruthú.

Chun an Measúnú Rangbhunaithe sin a chur i gcrích, ní mór don scoláire roinnt mhaith saothar a bhailiú de réir mar a dhéanann sé dul chun cinn agus cinneadh a dhéanamh le himeacht aimsire cé acu de na saothair a bhí ar na trí shaothar ba shuntasaí dá chuid foghlama. Dá bhrí sin, ní i gcónaí a bhíonn na saothair a théann i bhfeidhm ar an tsúil ar na cinn a bhíonn sa roghnú deiridh. Ina ionad sin, bíonn an fócas ar roghnú na saothar a spreag léargais nua, a d'imir tionchar ar bhealaí nua smaointeoireachta, iompair nó gníomhúcháin agus a chothaigh feasacht níos doimhne ar an scoláire féin agus ar dhaoine eile.

Ina theannta sin, leis na trí shaothar a roghnaítear ba cheart cur ar chumas an scoláire a léiriú go bhfuil cumas méadaithe aige an méid seo a leanas a dhéanamh:

- eolas, seirbhísí agus tacaíochtaí iontaofa agus ábhartha maidir le sláinte agus folláine mhothúchánach a fháil
- éagsúlacht an tionchair ar shláinte agus folláine a aithint
- feasacht a léiriú ar thionchar pearsanta agus sóisialta na gcinntí agus na n iompraíochtaí a bhaineann lena shláinte agus lena fholláine
- tuairimí a chruthú, agus réitigh nó straitéisí a mholadh maidir le cásanna éagsúla
- a chuid foghlama a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna pearsanta nó sóisialta.

Beidh punann an scoláire déanta de ghníomhaíochtaí ranga laethúla agus obair baile a dhéanann an scoláire. Mar sin de, d'fhéadfaí a áireamh ann réimse míreanna, amhail freagairtí pearsanta ar ábhair spreagtha a úsáidtear sa rang, script nó rólimirt a chruthaíonn an scoláire chun réiteach fadhbanna nó scileanna eile a léiriú, taighde a bhailítear chun bonn eolais a chur faoi obair thionscadail, póstaer, bileog eolais nó bróisiúr a chruthaítear chun feasacht a ardú, ábhar piartheagaisc, blag, agallamh, srl.  Féadfar na míreanna roghnaithe a chur i láthair i leaganacha amach difriúla – cóip chrua, leagan amach digiteach, leagan amach ilmhódach.

Má roghnaíonn sé rogha 1 – *Punann mo chuid foghlama agus mo mhachnaimh* – baileoidh an scoláire samplaí dá chuid oibre le linn a chuid foghlama agus, le treoir ón múinteoir, féachfaidh sé siar ar a chuid oibre ó am go chéile agus déanfaidh sé cinneadh maidir leis na samplaí ab fhoirmithí da chuid foghlama. Le treoir ón múinteoir agus tacaíocht ó na leideanna machnaimh (Aguisín 1), déanfaidh sé cinneadh maidir leis na samplaí ar mian leis iad a chur san áireamh ina phunann, agus na samplaí ba mhian leis a fhágáil ar lár. Ba cheart roghnú deiridh na dtrí shaothar punainne, agus na píosaí machnaimh a ghabhann leo, a dhéanamh sa tríú bliain agus ba cheart foghlaim ó roinnt snáithe OSPS a léiriú, chomh maith le réimse torthaí foghlama.

## Machnamh ar an bhfoghlaim

In OSPS, ceann de na scileanna is tábhachtaí a fhorbróidh an scoláire is ea an cumas atá aige machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama agus an bhrí atá leis dó féin ina shaol pearsanta agus sóisialta. Cosúil le gach scil, tógann machnamh am agus cleachtadh le forbairt. Leis an machnamh rialta sin, is féidir leis an scoláire, le himeacht aimsire, feasacht a fháil ar a chuid fáis féin agus ar a chuid foghlama in OSPS freisin.  Nuair a dhéanfar an machnamh sin go leanúnach, cuirfear ar chumas an scoláire machnamh a dhéanamh ar bhealach níos éasca mar chuid dá mheasúnú punainne.

Tá sé tábhachtach bealaí difriúla machnaimh a chur ar fáil lena chinntiú go mbeidh sé tarraingteach don scoláire agus nach n-éireoidh sé bréan den phróiseas. Féach Aguisín 1 le haghaidh Leideanna machnaimh do mo Mheasúnú agus Uirlisí Úsáide OSPS CNCM don tSraith Shóisearach chun tuilleadh treorach a fháil maidir le **Machnamh an Scoláire in OSPS**.

## Punann Foghlama: Comhairle don scoláire

- Eagraigh fillteán (ceann digiteach agus/nó cóip chrua) agus úsáid é chun do chuid oibre a bhaineann le OSPS a choinneáil le chéile. Caithfidh tú é sin a choinneáil i rith na 3 bliana den tsraith shóisearach. Cabhróidh sé sin leat trí shaothar a roghnú do do Phunann OSPS nuair a bheidh ort é a chur le chéile.
- Beidh an cineál oibre a bhaileoidh tú éagsúil – is é d'obair ranga agus d'obair baile a bheidh i gceist. Mar shampla, d'fhéadfaí a áireamh ann taighde a bhailigh tú maidir le hábhar spéise, obair a rinneadh mar chuid de phlé sa seomra ranga nó obair i ngrúpaí, script nó rólimirt a chruthaigh tú leat féin nó le scoláirí eile, póstaer, bileog eolais nó bróisiúr a rinne tú chun feasacht a ardú nó chun achoimre a dhéanamh ar do chuid foghlama ar thopaic, ábhar piartheagaisc, blag, agallamh, srl.
- Nuair a bheidh saothar críochnaithe agat, glac roinnt ama chun smaoineamh ar an méid a d'fhoghlaim tú, agus an méid a bhaineann sé le do shaol féin agus le do caidrimh le daoine eile. Coinnigh na píosaí machnaimh sin mar, le himeacht aimsire, is féidir leat féachaint siar orthu agus a bheith in ann na saothair ba thábhachtaí duit a fheiceáil.
- Stop agus féach siar ar do chuid oibre agus do chuid machnaimh gach cúpla mí agus déan cinneadh an bhfuil aon saothar ann a d'fhéadfaí a chur san áireamh i do Phunann foghlama OSPS agus comhdaigh é sin in áit ar leith. An phríomhchúis a roghnaíonn tú saothar ná toisc gur léiriú é ar an bhfoghlaim thábhachtach duit in OSPS. Mar shampla, b'fhéidir gur tugadh ort cuimhneamh an athuair ar do chuid smaointe maidir le rud éigin de thoradh an tsaothair sin, nó b'fhéidir gur fhorbair tú feasacht níos mó ar scil phearsanta áirithe agus an saothar á dhéanamh agat.
- Cuimhnigh go measfar do phunann foghlama (machnamh ar an bhfoghlaim san áireamh) le taobh na nGnéithe Cáilíochta. Mar sin, ní mór duit iad sin a choinneáil i gcuimhne agus do thrí shaothar á roghnú agat.
- Is féidir leat scileanna cruthaitheachta agus ealaíne a úsáid chun do phunann a chur i láthair ach ná déan dearmad nach tionscadal ealaíne é seo. An príomhrud ná go mbeidh tú in ann do chuid foghlama in OSPS agus do chumas machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim sin a léiriú.

# Na Gnéithe Cáilíochta: Punann Saothar OSPS

| | Na Gnéithe Cáilíochta |
|---|---|
| **Thar barr ar fad** | |
| Saothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. | Tá na fáthanna ar roghnaigh an scoláire a thrí shaothar an-soiléir agus an-láidir.<br><br>Léiríonn na trí shaothar roghnaithe go soiléir forbairt eolais, scileanna, dearcthaí nó iompraíochtaí faoi leith ar fud snáitheanna difriúla foghlama agus raon torthaí foghlama sa ghearrchúrsa.<br><br>Tá fianaise láidir ann i dtaobh machnamh fiúntach ar an bhfoghlaim, lena n áirítear an cumas ábharthacht na foghlama a aithint agus í a chur i bhfeidhm maidir le comhthéacsanna pearsanta agus/nó sóisialta. |
| **Os cionn na n-ionchas** | |
| Saothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur air, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. | Tá na fáthanna ar roghnaigh an scoláire a thrí shaothar soiléir agus láidir.<br><br>Taispeánann na trí shaothar roghnaithe forbairt eolais, scileanna, dearcthaí nó iompraíochtaí faoi leith i raon teoranta snáitheanna foghlama agus torthaí foghlama sa ghearrchúrsa.<br><br>Tá fianaise mhaith ann i dtaobh machnamh ar an bhfoghlaim, lena n áirítear an cumas ábharthacht na foghlama a aithint i gcomhthéacsanna pearsanta agus/nó sóisialta. |
| **Ag teacht leis na hionchais** | |
| Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó. | Cuirtear na fáthanna ar roghnaigh an scoláire a thrí shaothar i láthair go gonta.<br><br>Taispeánann na trí shaothar roghnaithe forbairt eolais, scileanna, dearcthaí nó iompraíochtaí faoi leith i raon an-teoranta snáitheanna foghlama agus torthaí foghlama sa ghearrchúrsa.<br><br>Tá roinnt fianaise ann, cé go bhfuil sí teoranta, i dtaobh machnamh ar an bhfoghlaim, lena n áirítear an cumas a chuid foghlama a chur i bhfeidhm maidir le comhthéacsanna pearsanta agus/nó sóisialta. |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** | |
| Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | Ní chuirtear na fáthanna ar roghnaigh an scoláire a thrí shaothar i láthair go soiléir.<br><br>Ní léir forbairt eolais, scileanna, dearcthaí ná iompraíochtaí faoi leith sna saothair roghnaithe agus baineann an saothar le raon an-teoranta snáitheanna agus torthaí foghlama.<br><br>Tá fianaise theoranta nó níl fianaise ar bith ann d'aon mhachnamh ar an bhfoghlaim. |

# Treoirlínte do chur i gcrích an tionscadail 'Beart a dhéanamh le haghaidh OSPS'

Leis an Measúnú Rangbhunaithe 'Beart a dhéanamh le haghaidh OSPS' iarrtar ar an scoláire

> '**taighde**, **tuairisciú** agus **machnamh** [a dhéanamh] ar **bheart** atá déanta aige chun gné den tsláinte/den fholláine a ndearnadh staidéar uirthi sa ghearrchúrsa OSPS a chur chun cinn nó chun **feasacht a mhúscailt** ar an ngné sin'.

Tabhair faoi deara na heochairfhocail (a aibhsítear chun béim a chur orthu) lena léirítear gnéithe tábhachtacha den Mheasúnú Rangbhunaithe seo.

Is éard atá i gceist le taighde ná eolas iontaofa ábhartha a aimsiú, é a shórtáil, a thaifeadadh, anailís a dhéanamh air agus **taighde** ar chonclúidí. Dá bhrí sin, ní mór don scoláire fianaise a léiriú ar bheith in ann eolas ábhartha iontaofa cuí a bhailiú a shórtáil agus a úsáid.

Tugtar le fios le **tuairisciú** go gcuirfear cuntas scríofa, físiúil nó ó bhéal i láthair. Féadfaidh an scoláire tuairisciú a dhéanamh i leaganacha amach éagsúla, leagan amach ilmhódach san áireamh.[1] Is é an príomhrud ná go léiríonn a thuairisc fianaise go ndearna sé beart fiúntach chun gné den tsláinte/den fholláine a chur chun cinn agus feasacht a ardú ina leith.

Éilítear ar an scoláire le **machnamh** seasamh siar ag pointí éagsúla le linn a chuid foghlama chun smaoineamh ar an bhfáth a mbaineann tábhacht leis an mbeart, an méid atá á fhoghlaim aige le linn an tionscadail, na léargais nua atá faighte aige agus an méid a bhaineann sé lena shaol féin.

D'fhéadfadh réimse leathan gníomhaíochtaí a bheith i gceist le **beart**, lena n áirítear suirbhé a chruthú agus a dhéanamh, eolas maidir le hábhar spéise nó imní do dhaoine óga a bhailiú agus a chomhroinnt ar bhealach tarraingteach, imeacht nó gníomhaíocht ardaithe feasachta a eagrú, uirlis ardaithe feasachta a chruthú chun eolas a thabhairt do dhaoine eile agus iad a spreagadh, fíorcheist nó fíordhúshlán a bhíonn ag daoine óga a shainaithint agus bealaí chun dul i ngleic leis an dúshlán sin a mholadh, tacaíochtaí iontaofa aoisoiriúnacha a mheas, cinn atá ábhartha maidir le sláinte agus folláine daoine óga, agus iad sin a chur in iúl dá chomhscoláirí, bheith ar son athrú le daoine atá i gcumhacht maidir le gné de shláinte nó d'fholláine daoine óga.

Féadfaidh an tionscadal gníomhaíochta a bheith ar leibhéal an tseomra ranga, na scoile nó an phobail mhóir agus féadfaidh baint a bheith aige le haon ghné den tsláinte nó den fholláine a ndearnadh staidéar uirthi sa ghearrchúrsa. Cuimhnigh gurb é is cuspóir don bheart in OSPS ná feasacht a ardú.

Tá sé tábhachtach nach ligtear don scoláire léim ar an tionscadal gníomhaíochta gan neart ama a chaitheamh leis an teagasc agus foghlaim atá nasctha le rogha torthaí foghlama ó cheann amháin de na snáitheanna den tsonraíocht, nó níos mó.

Chun tacú leis an bpróiseas sin, de réir mar a bhíonn an scoláire páirteach san fhoghlaim sa seomra ranga, bheadh sé áisiúil aird a bheith ar na réimsí áirithe spéise nó na ceisteanna a thagann chun cinn sa rang. Tar éis corpas foghlama a chur i gcrích, i gceann amháin de na snáitheanna, nó níos mó, féadtar féachaint an athuair ar na nótaí sin chun topaicí féideartha a shainaithint, arbh fhéidir leis an scoláire

[1] Féadfaidh rud fisiciúil (amhail léiriú drámata), rud digiteach (amhail colláis, póstaer, físeán, PowerPoint), rud páipéar-bhunaithe (leabhar gearrthóg, póstaer, leabhrán, bróisiúr), rud sonraí-bhunaithe (cairteacha, graif), nó léiriúchán ealaíonta a bheith i gceist le ní ilmhódach.

beart a dhéanamh ina leith.  D'fhéadfaí a iarraidh ar an scoláire ceann de na topaicí sin a mheas ar bhonn níos doimhne, agus cás a dhéanamh maidir leis an bhfáth a bhféadfadh an tionscadal a bheith fiúntach agus maidir leis an gcaoi a mbaineann sé lena chuid foghlama sa ghearrchúrsa.

D'fhéadfaí gurbh fhearr leis an scoláire tionscadal a dhéanamh as féin agus is féidir é sin a éascú. Go ginearálta, moltar go gcuirfí an tionscadal 'Beart a dhéanamh le haghaidh OSPS' (rogha 2) i gcrích in éineacht le scoláire eile nó grúpa beag scoláirí. Níor cheart níos mó ná triúr scoláirí a bheith i ngrúpa le cinntiú gur féidir le gach scoláire a chion féin a dhéanamh don tionscadal.

Cé go moltar obair le daoine eile in OSPS, **cruthóidh gach scoláire tuairisc aonair ina ndéanfar cur síos ar an ról aonair a bhí aige agus na nithe a chuir sé leis an tionscadal agus ina gcuirfear fianaise ar fáil ar mhachnamh phearsanta**. Ní féidir glacadh le hobair nach féidir leis an múinteoir a dheimhniú lena thuairisciú sa PGSS.

Má dhéantar an Measúnú Rangbhunaithe seo, bheadh sé tábhachtach cinneadh a dhéanamh an ndéanfaidh an rang iomlán an tionscadal céanna (ag obair i ngrúpaí beaga ar leith) nó an mbeifear in ann tacú le raon tionscadal difriúil.

Cibé acu ag obair mar ghrúpa ranga, i ngrúpaí beaga, i mbeirteanna nó ina aonar, beidh ar an scoláire an tionscadal a dhíriú ar ghné den tsláinte agus den fholláine a bhfuil fíorspéis aige inti, nó ar fíorábhar imní dó í, agus atá fréamhaithe ina chuid foghlama in OSPS.

## Tionscadal 'Beart a dhéanamh le haghaidh OSPS': Comhairle don scoláire

- Roghnaigh tionscadal atá bunaithe ar thopaic foghlama in OSPS a bhfuil spéis agat níos mó a fhoghlaim fúithi. Féadfaidh tú obair a dhéanamh leat féin, i mbeirteanna nó i ngrúpa beag.  Má tá tionscadal grúpa ar siúl agat, déan cinnte go bhfuil spéis agus meas ag gach ball den ghrúpa ar an topaic atá á plé.
- Coinnigh taifead de na topaicí a bhfuil spéis agat iontu de réir mar a bhíonn tú ag foghlaim sna snáitheanna difriúla den ghearrchúrsa OSPS. Coinnigh súil amach d'eolas, íomhánna agus físeáin a chuideoidh leat tuilleadh a fhoghlaim faoin topaic seo.
- Chomh luath is a bheidh fócas an tionscadail socraithe, pioc amach foinsí faisnéise iontaofa in éineacht le do mhúinteoir. Má tá tú ag obair mar chuid de ghrúpa, roinnigí tascanna an tionscadail idir an grúpa ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh gach duine in ann oibriú ar a chuid buanna féin.
- Tá sé tábhachtach taifead a choinneáil ar do chuid taighde, na daoine a ndeachthas i gcomhairle leo nó a cuireadh faoi agallamh, na foinsí eolais agus do mhachnamh orthu sin ina measc. Cabhróidh seo ar fad leat agus tú ag ullmhú do thuairisce.
- Déan teagmháil le grúpaí nó eagraíochtaí atá ag obair ar do thopaic nó do cheist cheana féin toisc gur féidir go mbeidís in ann eolas úsáideach nó smaointe a thabhairt duit maidir le bearta éifeachtacha chun feasacht a ardú.
- Má úsáideann tú an t idirlíon mar fhoinse eolais, bí cinnte go roghnaíonn tú go cúramach suíomhanna gréasáin ábhartha iontaofa agus cuir san áireamh i do thuairisc tagairtí cruinne do na suíomhanna, íomhánna, físeáin, srl., a d'úsáid tú mar fhoinsí.
- Úsáid do chruthaitheacht chun do thionscadal a dhéanamh agus a chur i láthair.
- Bí cinnte nótaí a choinneáil maidir leis an gcion den obair a rinne tú féin – is é sin, *an méid a rinne tusa*. Coinnigh nótaí faoin *méid a d'fhoghlaim tú* feadh an bhealaigh freisin. Beidh na nótaí sin an-áisiúil duit agus tú ag cruthú do thuairisce.
- Cuimhnigh go measfar do thuairisc ar do thionscadal gníomhaíochta le taobh na *nGnéithe Cáilíochta*. Mar sin, coinnigh iad sin i gcuimhne ón tús. Fiú má oibríonn tú i mbeirteanna nó mar chuid de ghrúpa beag, déanfar measúnú ar gach scoláire ina aonar de réir na nGnéithe Cáilíochta.

- Agus an tionscadal gníomhaíochta á phleanáil agat, smaoinigh ar an gcaoi a dtuairisceoidh tú faoin tionscadal. Mar shampla, an cur i láthair ó bhéal a bheidh ann, nó agallamh, léiriúchán ealaíonta nó leagan amach ilmhódach – rud digiteach (amhail colláis, póstaer, físeán, PowerPoint), rud páipéar-bhunaithe (leabhar gearrthóg, póstaer, leabhrán, bróisiúr), rud sonraí-bhunaithe (cairteacha, graif, grafaic faisnéise), nó meascán?

# Na Gnéithe Cáilíochta: Tuairisc OSPS maidir le Beart a Dhéanamh

| | Na Gnéithe Cáilíochta |
|---|---|
| **Thar barr ar fad** | |
| Saothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. | • Léiríonn an tuairisc taighde thar barr ar fad, chomh maith le rogha iontach eolais ábhartha iontaofa chuí, agus úsáid iontach as<br>• Léiríonn sé feasacht iontach ar an spriocphobal agus machnamh ar na bealaí chun tionscadal fiúntach a chruthú chun feasacht a ardú ar thopaic nó ábhar imní a bhaineann leis an tsláinte/leis an bhfolláine<br>• Tá fianaise le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta géarchúiseach ar an bhfoghlaim agus go bhfuil cumas aige machnamh a dhéanamh ar a gciallaíonn sé sin don scoláire. |
| **Os cionn na n-ionchas** | |
| Saothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur air, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. | • Léiríonn an tuairisc taighde an-mhaith agus an cumas eolas ábhartha iontaofa cuí a roghnú agus a úsáid<br>• Léiríonn sé feasacht shoiléir ar an spriocphobal agus machnamh ar na bealaí chun tionscadal fiúntach a chruthú chun feasacht a ardú ar thopaic nó ábhar imní a bhaineann leis an tsláinte/leis an bhfolláine<br>• Tá fianaise mhaith le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim agus ar a gciallaíonn sé don scoláire. |
| **Ag teacht leis na hionchais** | |
| Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó. | • Léiríonn an tuairisc úsáid mhaith, cé go bhfuil sí teoranta, as taighde. Níor léir machnamh ar an taighde is ábhartha, is iontaofa agus is cuí chun críche an tionscadail.<br>• Léiríonn an tuairisc roinnt feasachta ar an spriocphobal ach níl aon mhachnamh ann maidir leis an mbealach le tionchar a chruthú<br>• Tá roinnt fianaise ar mhachnamh pearsanta ar an bhfoghlaim ann. Níl aon mhachnamh ar a gciallaíonn sé sin don scoláire le feiceáil, áfach. |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** | |
| Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | • Tá scileanna teoranta taighde agus measúnúcháin eolais sa tuairisc<br>• Níl feasacht ar an spriocphobal sa tionscadal ná aon mhachnamh ar an méid a fhágann go mbíonn gníomhaíocht feasachta fiúntach<br>• Níl ach beagán fianaise nó níl aon fhianaise le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim ná ar a gciallaíonn sé don scoláire. |

# Aguisín 1: Punann an Scoláire: teimpléad le haghaidh machnaimh

| Rang: | Scoláire: |
|---|---|
| | |

| Teideal an tsaothair roghnaithe: |
|---|
| |

| Roghnaigh mé é seo mar: |
|---|
| |

| An méid a d'fhoghlaim mó ón saothar seo a dhéanamh: |
|---|
| |

| An chaoi a bhféadfainn an fhoghlaim seo a chur i bhfeidhm i mo shaol féin: |
|---|
| |

# Aguisín 2: Teimpléad machnaimh a ghabhfaidh leis an Tuairisc ar an Tionscadal Gníomhaíochta

| Rang: | Scoláire: |
|---|---|
| | |

**Teideal an Tionscadail Gníomhaíochta OSPS:**

**Roghnaigh mé/muid an tionscadal seo mar:**

**Agus an tionscadal seo á dhéanamh agam/againn, ba iad na foinsí eolais ab fhearr ná... mar:**

**Agus an tionscadal seo á dhéanamh agam d'fhoghlaim mé:**

**An chaoi a bhféadfainn an fhoghlaim seo a chur i bhfeidhm i mo shaol féin:**

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment